Aonad Oibre Samplach 1
Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha)
Sonraí agus Seans: Sonraí

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

Curaclam Teanga na Bunscoile (CTB)/ Sonraíocht Teanga	Curaclam Matamaitice na Bunscoile (CMB)/ Sonraíocht ETIM
TORTHAÍ FOGHLAMA - GAEILGE Is samplaí iad na Torthaí Foghlama thíos, iad dírithe ar theanga agus ar thorthaí foghlama an cheachta seo ar leith. D`fhéadfaí iad seo a athrú ag brath ar riachtanais agus ar chumas an ranga. *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann…* **TF4 - Struchtúr abairte agus gramadach** Frásaí coitianta agus abairtí bunúsacha a úsáid **TF8 - Catagóiriú** Rudaí a aithníonn siad a ainmniú	**Snáithe:** Sonraí agus Seans **Snáithaonaid:** Sonraí *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla, ba cheart go mbeadh páistí in ann...* • réada agus tacair a réiteach de réir aitreabúid amháin nó níos mó.

Cleachtais Oideolaíochta & Gnéithe CMB	Measúnú agus Aiseolas le linn an cheachta
Úsáidfear na <u>Cleachtais Oideolaíochta</u> seo a leanas le linn an cheachta matamaitice. (CMB, lch 26/ Sonraíocht ETIM, lch 82) ·Tascanna dúshlánacha cognaíocha a úsáid. ·Comhrá mata a chur chun cinn. ·Meon táirgiúil a chothú. ·Spraíúlacht a spreagadh. -Béim a chur ar shamhaltú matamaiticiúil. **Le linn na n-eispéireas foghlama úsáidfidh na páistí na <u>Gnéithe</u> (CMB, lch 25/ Sonraíocht ETIM, lch 81) seo a leanas:** ·Cumarsáid:m.sh. smaointeoireacht a shamhaltú agus a léiriú ar bhealaí éagsúla ·Tuiscint agus Ceangal: m.sh. a bheith fiosrach agus nuálach ·Réasúnaíocht: m.sh. a bheith loighciúil agus anailíseach ·Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna: m.sh. comparáid a dhéanamh idir smaointe, straitéisí agus cuir chuige	**Breathnóireacht an mhúinteora:** Siúil timpeall le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge. **Torthaí Foghlama na Gaeilge:** An raibh na páistí in ann frásaí coitianta agus abairtí bunúsacha a rá/a úsáid (TF4)? m.sh: Ar chuala tú iad ag rá “Tá bosca ar an mbord” An raibh na páistí in ann rudaí a d’aithin siad a ainmniú (TF8)? **Idirdhealú** - *Roinnt:* Abairtí bunúsacha a rá agus ceisteanna a chur *Formhór:* Rudaí scoile a aithníonn siad a ainmniú *Gach duine*: Treoracha simplí a leanúint (Beirteanna ar mheascán cumais). **Torthaí Foghlama Churaclam Matamaitice na Bunscoile:** An raibh na páistí in ann réada agus tacair a réiteach de réir aitreabúid amháin? **Ceistiúchán:** D’fhéadfaí ceisteanna a chur ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochtaí lena dtuiscint a mheas - ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga. **Féinmheasúnú/ Piarmheasúnú:** Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas. **Dialann an mhúinteora:** D’fhéadfaí nótaí a choinnéail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu. **Féinmheasúnú an mhúinteora**: An raibh mé dílis don Mhatamaitic mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí patrúin agus seichimh? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndearna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí?

Aonad Oibre Samplach 1
Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha)
Sonraí agus Seans: Sonraí

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | Oide

Teanga*:* Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí mata.

Teanga an Mhúinteora	Teanga an Mhúinteora	Teanga na bPáistí
Teanga an Ranga (Bain úsáid as an bhfoirm uatha/iolra nuair is cuí) Abair é/Abraigí é Béic/Béicigí/Scairt/Scairtigí amach é Níos airde! Níos airde arís! Ní chloisim thú/sibh/ Cad a dúirt mé? An bhfuil tú/sibh réidh? An dtuigeann sibh? Ordóg suas/Ordóg síos Ar aghaidh libh! **Teanga na nGníomhaíochtaí** Tá bosca ar an mbord X2 Hé hó mo dhaidí ó Tá bosca ar an mbord Tacair, sórtáil, grúpáil, le chéile Aidiachtaí (Uatha agus Iolra) m.sh. dubh/dubha, mór/móra Nithe ó bhord an mhúinteora - peann, pinn, peann luaidhe, pinn luaidhe, scriosán, scriosáin, marcóir, marcóirí, crián, criáin Dathanna - dearg, gorm, buí, glas, bán, dubh, dearga, gorma, glasa, bána, dubha Méid - mór, beag, tiubh, tanaí, móra, beaga...Is iad, Is iad ar fad, Ní hé/hí Tá sé/siad dearg, dubh, bán, mór...	**Teanga na nGníomhaíochtaí (ar lean):** Tá crián, peann luaidhe, peann, scriosán & rl ar an mbord Tá crián / criáin / peann luaidhe / pinn luaidhe ...& rl agam Déanfaidh mé iad a shórtáil. Chuir mé/ Cuirfidh mé na criáin le chéile agus ansin cuirfidh mé na pinn luaidhe le chéile. Tá tacar crián agam. Tá tacar peann luaidhe agam. An féidir aon rud eile a chur le chéile? An bhfuil crián agat a Sheáin? Cad atá agat? Inis dom faoi na rudaí atá agat? Cad atá agat ansin a Mháire? Chuir Tomás na pinn luaidhe le chéile. An bhfuil peann luaidhe ag éinne eile? Seo crián dubh. An féidir leat níos mó de na criáin seo a fháil? Cuir le chéile iad. Tá tacar de criáin dubha againn. Cén fáth go dtéann siad le chéile? Cén fáth nach mbaineann an ceann seo leis na cinn eile? Cad a thóg mé? Cad atá imithe?	**Foghlaim teanga an pháiste** • **Dathanna:** gorm, glas, buí, dearg • **Nithe ón seomra ranga:** bosca, crián, marcóir, peann, bioróir, rialóir • Tá, Níl. • Tá crian/peann/peann luaidhe…ar an mbord. Tá crian/peann/peann luaidhe agam. • Chuir mé na criáin/pinn luaidhe/marcóir le chéile Tá na criáin/ marcóir & rl le chéile • Tá tacar crián agam.Tá tacar peann luaidhe agam. • Is criáin iad, is criáin dubha, dearga & rl iad ar fad Tá siad ar fad... • Tá siad mór, beag… • Téann siad le chéile mar go bhfuil siad dearg, buí... Tá dathanna difriúla orthu. • Thóg tú an peann luaidhe/an crián/ an rialóir • Thóg tú an criáin dearg/ crián gorm & srl

Aonad Oibre Samplach 1
Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha)
Sonraí agus Seans: Sonraí

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | Oide

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.

Luathchumarsáid agus Réamhghníomhaíocht

Tréimhse Luathchumarsáide (1): Tá bosca ar an mbord (Sleamhnáin 4-21) Can 'Tá bosca ar an mbord' chun na nithe atá ar bhord an mhúinteora a ainmniú agus a chleachtadh leis na páistí. Taispeáin na nithe ar leith agus na véarsaí éagsúla á gcanadh le chéile. Múin na nithe ón seomra ranga do na páistí ag baint úsáid as fíorábhar agus go leor athrá. Imir cluiche Kim leis na páistí. *Cad é seo? Seo peann. Abair é - seo peann. Cad atá ar an mbord? Tá crián ar an mbord. An bhfuil rialóir ar an mbord? Tá/Níl.*

Tréimhse Luathchumarsáide (2): Dathanna (Sleamhnáin 22 - 34) Taispeáin na dathanna difriúla don rang. Abair iad agus tabhair deis do na páistí iad a chleachtadh. Ansin múin an dán do na páistí. Bain úsáid as an gcluiche Wordwall agus Cluiche Kim chun na dathanna a mhúineadh do na Naíonáin.

Tréimhse Luathchumarsáide (3): Le chéile (Sleamhnán 35) Moltar an frása 'le chéile' a úsáid go minic mar chuid den Ghaeilge Laethúil a úsáidtear i rith an lae chun go mbeidh sibh in ann caint faoi rudaí a "théann le chéile".

Cumarsáid agus Gníomhaíocht

Príomhghníomhaíocht Mhatamaitice (Sleamhnáin 36-40)

Tabhair bailiúchán rudaí ó bhord an mhúinteora do gach páiste le hiad a fhiosrú ar a suaimhneas. Is é claonadh nádúrtha an pháiste ná a bheith ag súgradh leis an mbailiúchán atá acu. Níor chóir seo a dhéanamh faoi dheifir moltar deis a thabhairt do na páistí na bailiúcháin atá acu a láimhseáil agus a smaointe féin a thriail le dul i dtaithí ar rudaí. **(Gné: Tuiscint agus Ceangal)**

Bí ag caint leis na páistí mar gheall ar a bhfuil idir lámha acu le pé bailiúchán atá acu. **(Gné: Cumarsáid)**

Moltar ceisteanna oscailte m.sh *'Cad atá agat a Sheáin?'* Chomh maith le ceisteanna dúnta *'An bhfuil criáin agat a Sheáin?'* a chur chun ionchur ó na páistí a éileamh agus a spreagadh.

Cleachtaigh an nath 'le chéile' le linn gnáthchaint an lae – m.sh ag iarraidh ar na páistí seasamh le chéile, nó freagra a rá le chéile, nó nithe sa rang a chur le chéile.

Ag obair leis an rang ina iomláine labhair leo faoi shórtáil agus léirigh conas mar a théann rudaí cosúla le chéile . D'fhéadfadh sin a bheith déanta ag roinnt páistí cheana agus má tá b'fhiú tógáil ar an obair atá déanta ag na páistí sin. Bí ag labhairt faoi na cóiriúcháin difriúla agus luaigh an focal 'tacar' agus mínigh do na páistí le cabhair ó íomhánna agus trí léiriú gur ionann 'tacar' agus bailiúchán de rudaí a théann le chéile mar go bhfuil siad cosúil le chéile ar shlí áirithe. **(Gné: Cumarsáid)**

Spreag na páistí le bheith ag labhairt faoi na cóiriúcháin atá acu agus féachaint ar chóiriúcháin a chéile. De réir mar a thosaíonn siad ag roinnt eolais faoi na cóiriúcháin tapa an deis chun na rudaí atá coiteann mar gheall ar an tacar a dhaingniú , agus spreag iad le cur síos sonrach a dhéanamh ar na tacair (d'fhéadfadh páistí áirithe aidiacht a chur leis an ainmfhocal de réir a chéile) m.sh *' Is criáin dhubha iad' 'Is pinn luaidhe iad'*

'Tá tacar peann luaidhe agam' ***(Gnéithe: Réasúnaíocht/Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna/Cumarsáid)***

Aonad Oibre Samplach 1
Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha & Shinsearacha)
Sonraí agus Seans: Sonraí

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta | Oide

Iarchumarsáid agus larghníomhaiocht
Gníomhaíocht 1: Cluiche Kim Imir Cluiche Kim leis an rang chun ainmneacha na rudaí atá ar an mbord agus atá sórtáilte acu a thabhairt chun cuimhne agus a chleachtadh. **Gníomhaíocht 2:** Can 'Tá Bosca ar an mBord' arís ag deireadh an ranga **Gníomhaíocht 3: Cluiche sortála ar líne** D'fhéadfadh an rang dul siar a dhéanamh ar rudaí a shórtáil trí chluichí mar seo a imirt: https://plays.org/sorting-games/ nó https://plays.org/chain-color-sort/ **Gníomhaíocht 4: Éist agus Dathaigh** (Sleamhnáin 42-44) Dul siar ar na dathanna agus ar na haidiachtaí 'beag' agus 'mór'

Trealamh	Tagairtí
• Cur i láthair PowerPoint d'Aonad Oibre Samplach 1 • Teilifís chliste/osteiligeoir le callairí (speakers) • Nithe ó bhord an mhúinteora: rialóir, marcóir, crián, peann, bosca, bioróir, scriosán, siosúr	• Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum (2019)/ Sonraíocht Teanga/ Language Specification (2025) • Curaclam Matamaitice na Bunscoile/ Primary Mathematics Curriculum (2023)/ Sonraíocht ETIM/ STEM Specification (2025) • Réidh, Socair, Déan - Mata: Lámhleabhar praiticiúil do mhúinteoirí le Eunice Pitt (2011) • Cluichí sortála: https://plays.org/sorting-games/ nó https://plays.org/chain-color-sort/

Aonad Oibre Samplach 1

Céim 1 (Naíonáin Shóisearacha is Shinsearacha)

Sonraí agus Seans: Sonraí

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

Nótaí an Mhúinteora: D’fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó na matamaitice de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta.